Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 15 Feabhra 2022
(OR. fr)

5862/22

LIMITE

TELECOM 34
COASI 23
RELEX 122
COMPET 67
ASIE 8
SERVICES 1

PUBLIC

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Comhpháirtíochtaí digiteacha leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór<br>– Údarú chun ionstraimí neamhcheangailteacha a chaibidil |

1. An 9 Nollaig 2021, chuir an Coimisiún Eorpach an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise ar an eolas, i nóta[1], go bhfuil sé ar intinn aige tús a chur leis an bplé maidir le comhpháirtíochtaí digiteacha aonair leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór d'fhonn comhar a bhunú maidir le claochlú digiteach an gheilleagair agus na sochaí.

2. Shoiléirigh an Coimisiún gur i bhfoirm ionstraimí neamhcheangailteacha a bheidh na comhpháirtíochtaí digiteacha agus, dá bhrí sin, nach mbeadh aon éifeachtaí a bheadh ceangailteach ó thaobh an dlí ná aon impleachtaí airgeadais acu don Aontas Eorpach. Ba cheart dóibh aghaidh a thabhairt ar na ceithre cholún de Chompás Digiteach an Aontais[2]: an bonneagar, na scileanna, claochlú digiteach gnólachtaí agus digiteáil na seirbhísí poiblí, agus d'fhéadfaí réimsí eile lena n-éascaítear an comhar sa réimse digiteach agus i réimse na tráchtála a áireamh iontu.

[1] WK 15233/2021.
[2] https://ec.europa.eu/info/sites/default/files/communication-digital-compass-2030_en.pdf

3. Is é is cuspóir don Choimisiún na trí chomhpháirtíocht dhigiteacha a thabhairt chun críche le linn 2022. Cuirfidh an Coimisiún an Mheitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise agus grúpaí ábhartha eile ar an eolas go tráthrialta faoi fhorbairt na gcomhpháirtíochtaí digiteacha le linn 2022 agus lorgóidh sé ionchur ó na Ballstáit maidir le raon feidhme agus torthaí gach ceann de na comhpháirtíochtaí sin.

4. Tuigtear go rachaidh an Coimisiún i dteagmháil leis an gComhairle arís ag deireadh na caibidlíochta chun a iarraidh uirthi údarú a thabhairt dó gach comhpháirtíocht dhigiteach a shíniú i gcomhréir leis na socruithe maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha[3].

5. Ag an gcruinniú a bhí ag an Meitheal um Theileachumarsáid agus um an tSochaí Faisnéise an 10 Feabhra, chuir an Coimisiún faisnéis bhreise ar fáil maidir leis na comhpháirtíochtaí digiteacha, go háirithe an t-amchlár don chaibidlíocht agus na réimsí comhair a sainaithníodh. Ag an gcéim seo, aithníonn an Coimisiún roinnt réimsí comhair, eadhon bonneagar, claochlú digiteach gnólachtaí, digiteáil na seirbhísí poiblí agus scileanna digiteacha. Eagraíodh an chéad mhalartú teicniúil leis an tSeapáin i mí Eanáir agus tá tuilleadh ceardlanna teicniúla beartaithe ó mhí an Mhárta ar aghaidh le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór.

6. Ar an mbonn sin, ní dhearna na toscaireachtaí agóid i gcoinne an Coimisiún a bheith údaraithe ag an gComhairle comhpháirtíochtaí digiteacha a chaibidil leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Uachtaránacht ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh go n-údaródh an Chomhairle don Choimisiún na comhpháirtíochtaí digiteacha sin a chaibidil.

---

[3] Socruithe maidir le hionstraimí neamhcheangailteacha arna dtabhairt i gcrích ag Ardrúnaithe an Choimisiúin, na Comhairle agus SEGS i mí na Nollag 2017 (15367/17).